# Meáchan a Thuiscint agus a Chothromú – graim agus cileagram

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhas – meáchan, meastachán<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• ábhair agus matamaitic chuí do thasc a roghnú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | meáchan, gram, tá míle gram i gcileagram, cileagram, céad gram, dhá chéad gram, cúig chéad gram, dhá chéad caoga gram, cuir na meáchain ar an mheá, bheith ar cóimheáchan le, buthal, crandaí bogadaí, |
| **Áiseanna** | meánna, 100g, 200g, 250g, 500g agus 1kg, Uirlis Uimhirmheá Mol Mata |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Tá 4 línescála ann agus tá 1 kg ar an taobh chlé den bhuthal i ngach scála acu. Tosaíonn gach scála le hualach sa bhreis i bhfabhar taobh na láimhe clé. Tá 2 bhosca ar an taobh dheas den bhuthal i Scála 1, ina gcaithfidh an dalta cliceáil agus tarraingt na meáchain chuí **chothroma** a chothromóidh an 1 kg agus a shocróidh an línescála go dtí an cothromán, m.sh. 500 g agus 500 g. Tá 4 bhosca ar Scála 2 ina gcuirfear na meáchain chuí **chothroma** le 1 kg a chothromú. Beidh 5 bhosca ar Scála 3 agus beidh 10 mbosca ar Scála 4. Ba cheart don dalta gach céim a shábháil sa dóigh go mbeidh siad ábalta iad a fheiceáil leis an 'phatrún' den dóigh ar féidir 1 kg a roinnt/a bhfuil sé déanta de mheáchain dhifriúla **chothroma** de ghraim.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tá 4 'línescála' ann mar atá thuas, tá 1 kg ar an taobh chlé den bhuthal i ngach ceann acu agus tosaíonn gach scála le hualach sa bhreis i bhfabhar taobh na láimhe clé. Sa ghníomhaíocht thuas, tá 3 bhosca ar an taobh dheas den bhuthal i Scála 1, tá 4 bhosca i Scála 2, 5 bhosca i Scála 3 agus 6 bhosca i Scála 4. Caithfidh an páiste **meascán** de mheáchain chuí a chliceáil agus a tharraingt sna boscaí leis an 1 kg a chothromú gach uair. Caithfidh éagsúlacht a bheith ann seachas athdhéanamh an mheáchain chéanna mar atá i nGníomhaíocht 1.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an / Cad iad na 2 bhosca/3 bhosca a mheánn 1 kg nuair a mheáitear le chéile iad?<br>• Cad iad na 4 bhosca a mheánn 1 kg nuair a mheáitear le chéile iad? Meascán eile?<br>• Dá mba rud é gur chuir tú 500 g ar thaobh amháin den mheá, cén meáchan a bheadh ort cur ar an taobh eile sa dóigh go gcothromódh sé? Meascán ar bith eile? | • Cad é a tharlódh agus cad chuige, dá gcuirfeá 500 g + 200 g + 100 g / 500 g + 250 g + 200 g + 200 g ar an mheá?<br>• Dá mba rud é gur chuir tú 500 g ar thaobh amháin den mheá agus 750 g ar an taobh eile, mínigh 2 rud a thiocfadh leat a dhéanamh sa dóigh go gcothromódh an mheá?<br>• Cad chuige a dtéann crandaí bogadaí suas agus síos? |

## Difreáil

Ba cheart go mbeadh na daltaí uilig ábalta Gníomhaíocht 1 a dhéanamh agus labhairt faoin rud. I nGníomhaíocht 2, bogann páistí ar aghaidh ón leibhéal ina raibh siad ag roinnt 1 kg ina mhéideanna éagsúla de réir meáchain chuig leibhéal ina roinneann siad 1 kg ina mheascán de mheáchain éagsúla.